SW 73

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

An Scéim um Dhíolúine ó ÁSPC d'fhostaitheoirí

Department of Social and Family Affairs
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
www.welfare.ie

1. Cad is brí leis an Scéim um Dhíolúine ó ÁSPC d'fhostaitheoirí?

Ciallaíonn an Scéim um Dhíolúine ó ÁSPC d'fhostaitheoirí nach mbeidh sé de cheangal ort má fhostaíonn tú **oibreoirí incháilithe** do sciar de na ranníocaí ÁSPC a íoc an chéad dá bhliain dá dtréimhsí fhostaíochta.

Ní bheidh teorainn leis an méid daoine is féidir leat a fhostú faoin Scéim.

2. Cé hiad na fostóirí a bheidh cáilithe?

Le cáiliú chuig an Scéim ní mór don fhostóir fostaí a fhostú a bheidh ag fáil Liúntais um Fhilleadh ar Obair den chéad uair ar an lá a thosóidh sé nó sí ag obair leis an gcuideachta.

3. Conas Díolúine a iarraidh

Níl aon ghá an díolúine a iarraidh. Nuair a dheonófar an Liúntais um Fhilleadh ar Obair (LFO) don fhostaí rachaimid i dteagmháil leis an bhfostaitheoir. A luaithe a chuirfidh an fostóir Teastas Imréiteach Cánach reatha, nó Cárta C2 isteach, eiseofar an Teastas Díolúine go huathoibríoch.

4. Cá fhad a mhairfidh an díolúine?

Deonófar an díolúine ar feadh tréimhse dhá bhliain ar an méid ón dáta a thosóidh an duine cáilithe ag obair leis an bhfostóir. Má fhágann sé nó sí an jab beidh deireadh leis an díolúine.

Ó tharla nach féidir leis an bhfostaí an choinníoll um cháiliú a chomhlíonadh in athuair, is í sin, an LFO **a fháil den chéad uair** tar éis tús fostaíochta, ní féidir an díolúine a cheadú don fhostaí sin ar dháta níos faide anonn.

Eiseofar an deimhniú díolúine ar feadh dhá bhliain mar shampla ó 16 Meán Fómhair 2007 go 15 Meán Fómhair 2009.

Ní féidir in aon chúinse an díolúine a úsáid i ndiaidh na tréimhse atá luaite ar an deimhniú.

5. Iarratas agus Formheas

Níl aon fhoirm iarratais le haghaidh na Scéime um Dhíolúine ó ÁSPC d'fhostaitheoirí. Má dheonaítear an Liúntais um Fhilleadh ar Obair **den chéad uair** d'fhostaí (ní bheidh feidhm ag atosuithe) deonófar díolúine faoi réir an fostóir do chur isteach Teastas Imréiteach Cánach nó Carta C2. Seolfar an Deimhniú Díolúine go dtí an fostóir agus luafar ainm agus Uimhir Chláraithe an fhostóra, ainm, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an fhostaí agus tréimhse na díolúine.

Déileálfar le hiarratais i Rannóg na Scéime um Dhíolúine ó ÁSPC d'fhostaitheoirí. Ba chóir gach fiosrú a chur chuig:

Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta

Rannóg na Scéime um Dhíolúine ó ÁSPC d'fhostaitheoirí,
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Urlár 2
Lóiste na Sionainne
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma

Teil: (071) 967 2531 / (071) 967 2529

6. Ceart ar Athbhreithniú

Má dhiúltaítear don iarratas agus má tá an fostóir míshásta leis an gcinneadh féadfaidh sé nó sí athbhreithniú a iarraidh (i scríbhinn) ón oifigeach atá i bhfeighil na rannóige, agus aon fhianaise nua is taca don iarratas ar athbhreithniú a cheangal leis.

7. Cá bhfaighidh mé tuilleadh faisnéise?

Féadfaidh tú faisnéis maidir le seirbhísí leasa shóisialaigh, nó leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais a fháil:

- ar an idirlíon ag **www.welfare.ie**,

  nó

- ón Oifig Leasa Sóisialta logánta (féach rannán an Eolaire Stáit den eolaire teileafóin nó na Leathanaigh Órga le haghaidh uimhreacha teagmhála),

  nó

- trí ghlaoch a chur ar líne ar an Líne-larr-ar-Bhileog LoGhlao ag **1890 20 23 25** (ó Phoblacht na hÉireann)

  nó

  Nóta

  B'fhéidir go ngearrfaidh soláthraithe seirbhísí éagsúla táillí éagsúla i dtaca le glaonna ar uimhreacha dar tús 1890 (Loghlao).

- trí ghlaoch a chur ar líne ar Sheirbhísí Faisnéise ag LoGhlao **ag 1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+ 353 71 91 933133** (ó Thuaisceart na hÉireann nó ó thar lear).

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní airbheartaítear go bhfuil aon léirmhíniú dlí inti.

www.welfare.ie

"Coinníonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an eolas tú…."

10K 03-08

Eagrán: Márta 2008

Le haghaidh tuilleadh faisnéise déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh logánta.

Eisithe ag:
Seirbhísí Faisnéise
Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Bóthar an Choláiste, Sligeach.

Teileafón: (071) 91 93313
LoGhlao: 1890 66 22 44 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
Suíomh idirlín: www.welfare.ie

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní airbheartaítear go bhfuil aon léirmhíniú dlí inti.